An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2001

# EACNAMAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**400 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 - 12.00**

Freagair SÉ CHEIST as Roinn A agus CEITHRE CHEIST as Roinn B. Beidh marcanna le gnóthú as ábhar na bhfreagraí a bheith soiléir agus cruinn agus in ord.

**ROINN A (100 marc)**


Tá an Roinn seo ar bhileog faoi leith agus spás dos na freagraí uirthi. **Ba cheart an bhileog in iomláine a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deire an srúdaithe**.

**ROINN B (300 marc)**

CEITHRE cheist a fhreagairt. Tá an líon chéanna marcanna (.i.75) acu uilig. Tabhair faoi deara go bhfuil fo-chodanna ins na ceisteanna.

## **ROINN B** (300 marc)

**1.** Is é atá á léiriú sa ghraf thíos ná gnólacht **monaplachta** i gcothromaíocht.




**(a)** **(i)** Scríobh amach **go hiomlán** **gach ceann** de na **sé** théarma a bhfuil líne fúthu ar an ngraf.

(12 marc)

**(ii)** Déan cóip den léaráid i do leabhar freagraí agus taispeáin ar an léaráid:

- an t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht.
- meánchostas táirgíochta an aschuir seo.
- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar an aschur a tháirgítear.

(18 marc)

**(b)** **(i)** Mínigh go hachomair cén fáth a bhfuil claonadh anuas i gcuar éilimh MI (AR) an mhonaplaí.

**(ii)** Mínigh **DHÁ CHEANN** ar bith de na bacanna ar iontráil sa liosta thíos:

- Paitinní agus Cóipchearta.
- Barainneachtaí an Mhórscála.
- Rialachán Rialtais.

(25 marc)

**(c)** Luaigh:

**(i)** Buntáiste **AMHÁIN** d'fhostaithe i ngnólacht monaplachta.


**(ii)** Míbhuntáiste **AMHÁIN** do thomhaltóirí i ngnólacht monaplachta.

(20 marc)


**[75 marc]**

**2.** Is é atá sna léaráidí thíos ná **Soláthar** agus **Éileamh** in dhá mhargadh:

**LÉARÁID 1**




**LÉARÁID 2**




**(a)** Cóipeáil na léaráidí i do leabhar freagraí agus taispeáin i **ngach** cás.

- an praghas tosaigh agus an t-aschur (úsáid lipéidí, P1, C1),
  agus
- an praghas nua agus an t-aschur (úsáid lipéidí, P2, C2).

(20 marc)

**(b)** Is iad na tosca a leanas faoi deara an t-athrú atá léirithe ar Léaráid 1 **nó** Léaráid 2 thuas.

- titeann fíorioncam.
- tugtar isteach modhanna feabhsaithe táirgíochta.

Mínigh go hachomair cén toisc faoi deara an t-athrú **gach** léaráid atá léirithe thuas.

(30 marc)

**(c)** Tréithe iad seo a leanas d'earraí eacnamaíocha:

**GANNTANAS** **FÓNTAS** **INAISTRITHEACHT**

**(i)** Mínigh an bhrí atá le **gach ceann** de na tréithe seo.

**(ii)** I gcás **ceann amháin** de na tréithe, luaigh mír **nach** mbaineann an tréith sin léi. Mínigh do fhreagra go hachomair.

(25 marc)

**[75 marc]**

**3.** Ceann de thosca na táirgíochta é caipiteal.

**(a)** Luaigh agus mínigh **TRÍ** thosca eile na táirgíochta.

(25 marc)


**(b)** Is féidir rangú a dhéanamh ar chostais táirgíochta mar chostais **SHEASTA** nó **ATHRAITHEACHA**.

**(i)** Mínigh an bhrí atá le **gach** ceann de na costais seo.

**(ii)** Luaigh sampla **AMHÁIN** de **gach** ceann de na costais i gcás **gnólacht déantúsaíochta**.

(20 marc)

**(c)** **Meánchostas Gearrthréimhseach** gnólachta atá léirithe sa ghraf seo a leanas:




Mínigh go hachomair:

**(i)** Conas a bhíonn tionchar ag speisialtóireacht saothair ar rann AB an chuair.

**(ii)** Conas a bhíonn tionchar ag Dlí an Toraidh Imeallaigh Laghdaithigh ar rann BC an chuair.

(30 marc)

**[75 marc]**

**4.** **(a)** Mínigh conas a bhíonn tionchar ag **DHÁ CHEANN** ar bith de na tosca seo a leanas ar mhéid Ioncaim Náisiúnta:

- an stoc Tosca Táirgíochta
- an leibhéal Teicneolaíochta atá ar fáil
- feidhmiú an Gheilleagair Bhaile
- feidhmiú Geilleagar eile

(20 marc)

**(b)** **(i)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** fhadhb eacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith ann de dheasca fáis ar an Ioncam Náisiúnta.

**(ii)** An mbaineann na fadhbanna atá luaite thuas agat le Geilleagar na hÉireann mar atá sé faoi láthair? Mínigh go hachomair.

(25 marc)

**(c)** Mínigh an tionchar a bheidh ag gach ceann díobh seo a leanas ar mheánchaighdeáin mhaireachtála an tsaoránaigh i ngeilleagar inar fhan an tOlltáirgeadh Náisiúnta (GNP) seasmhach ag praghsanna reatha an mhargaidh idir Tréimhse 1 agus Tréimhse 2.

- Bhí boilsciú ann idir Tréimhse 1 agus Tréimhse 2.
- Thit an daonra idir Tréimhse 1 agus Tréimhse 2.

(30 marks)
**[75 marks]**

**5.** **(a)** Féadfaidh na torthaí seo a leanas a bheith ar Bhuiséad Reatha an Rialtais:
BARRACHAS, COMHARDAITHE, EASNAMH.

Abair cén ceann acu a bhaineann le Buiséad Rialtais na hÉireann faoi láthair agus mínigh do fhreagra.

(15 marc)

**(b)** **(i)** Mínigh cad is brí le Cánacha Díreacha **agus** Cánacha Indíreacha.
**(ii)** Tabhair **DHÁ** shampla de na cineálacha cánacha seo faoi seach.

(20 marc)

**(c)** Luaigh **DHÁ** chúis a bhfuil méadú suntasach tagtha ar an ioncam ó chánachas in Éirinn le blianta beaga anuas. Mínigh do fhreagra.

(10 marc)

**(d)** Luaigh agus mínigh conas a bheadh tionchar ag cinneadh Rialtais in Éirinn go laghdófaí cánacha indíreacha (gan aon chánacha eile a athrú) ar **DHÁ CHEANN** ar bith díobh seo a leanas:

- toradh Bhuiséad Reatha an Rialtais.
- leibhéal na bpraghsanna sa gheilleagar.
- fostaíocht sna hearnálacha atá i gceist.

(30 marc)
**[75 marc]**

**6.** **(a)** Léiríonn an tábla thíos **Dlí an Bhuntáiste Chomparáideachta**.

| TÍR | ASCHUR (Táirgíocht per oibrí sa tseachtain.) | |
|---|---|---|
| | MEAISÍNÍ | CARRANNA |
| AN GHEARMÁIN | 25 | 5 |
| AN tSEAPÁIN | 50 | 25 |
| ASCHUR IOMLÁN | 75 | 30 |

Cé go bhfuil an tSeapáin níos éifeachtúla i mbun táirgeadh an dá earra, déanfaidh gach tír speisialú i dtáirgeadh earra amháin díobh.

**(i)** Cén t-earra a tháirgfidh an tSeapáin? Mínigh go hachomair.
**(ii)** Cén t-earra a tháirgfidh an Ghearmáin? Mínigh go hachomair.
**(iii)** Cén tír is mó a ghnóthóidh? Mínigh go hachomair.

(20 marc)

**(b)** **(i)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis go mbeadh tír amháin níos fearr, b'fhéidir, ná tír eile chun earra áirithe a tháirgeadh.

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag baint le Saorthrádáil idir tíortha.

(25 marc)

**(c)** Ar na modhanna a chleachtann rialtais chun srian a chur le trádáil, tá:
TARAIFÍ, CUÓTAÍ, TRÁDBHACANNA agus BACANNA RIARACHÁIN.

**(i)** Mínigh **DHÁ CHEANN AR BITH** de na modhanna thuas a bhfuil líne fúthu.
**(ii)** Luaigh agus mínigh buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** don gheilleagar Éireannach a bhaineann le gach ceann **faoi seach** den dá mhodh roghnaithe.

(30 marc)
**[75 marc]**

**7.** **(a)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** thoisc a théann i bhfeidhm ar **GACH CEANN FAOI LEITH** díobh seo i ngeilleagar:

**(i)** An t-éileamh ar shaothar.

**(ii)** An soláthar saothar.

(25 marc)

**(b)** Cén difríocht atá idir **Soghluaisteacht Gheografach Lucht Saothair** agus **Soghluaisteacht Ghairme Lucht Saothair**?

(20 marc)

**(c)** Claonadh suntasach in Éirinn le déanaí is ea an titim shuntasach ar na leibhéil arda imirce a bhíodh ann, agus an inimirce atá ag teacht ina háit.

**(i)** Sainmhínigh an **DÁ** théarma thuas a bhfuil líne fúthu.

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis ar athraigh an claonadh ó imirce go hinimirce i gcás na hÉireann.

**(iii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** bhuntáiste eacnamaíocha do thír a bhfuil an inimirce inti ag méadú.

(30 marc)
**[75 marc]**

**8.** **(a)** **(i)** Sainmhínigh **DHÁ CHEANN AR BITH** de na téarmaí seo a leanas:

- Dlíthairiscint.
- Caighdeán d'Íocaíocht Iarchurtha.
- Ráta Malairte.

**(ii)** Mínigh go hachomair cén tionchar ar na gnéithe thíos, a d'fhéadfadh a bheith ag méadú sa soláthar airgid i ngeilleagar de bhreis ar mhéadú sa soláthar earraí agus seirbhísí.

- praghsanna earraí agus seirbhísí i ngeilleagar.

NÓ

- Comhardú na Trádála.

(25 marc)

**(b)** **(i)** Mínigh go soiléir cad is brí le **BOILSCIÚ**.

**(ii)** Mínigh **DHÁ** mhodh ghníomhaíochta a d'fhéadfadh rialtas a tharraingt chuige féin chun brúnna boilscithe a shrianadh.

(30 marc)

**(c)** Mínigh go hachomair an éifeacht a bhíonn ag **DHÁ CHEANN AR BITH** díobh seo a leanas ar bhoilsciú

- Éileamh láidir sa gheilleagar.
- Arduithe pá.
- Titim i luach an airgeadra.
- Titim i bpraghas na hOla.

(20 marc)
**[75 marc]**

**RABHADH**

**An bhileog seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar - sin nó caillfear marcanna.**

**M.58AT**

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 2001**

**DÉ CÉADAOIN 20 MEITHEAMH, 9.30 – 12.00**

**EACNAMAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL**

**ROINN A (100 MARC)**

**Scrúduimhir**

| |
|---|
| |

**RABHADH**

**An bhileog seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar – sin nó caillfear marcanna.**

**ROINN A (100 MARC)**

Freagair do rogha **sé cheist**:-

**1.** Cuir ciorcal ar na **ceithre** bhallstát den Aontas Eorpach atá i mbun an EURO a thabhairt isteach.

| | | |
|---|---|---|
| AN SPÁINN | AN GHEARMÁIN | AN RÍOCHT AONTAITHE |
| AN DANMHAIRG | AN PHORTAINGÉIL | AN IODÁIL |

(16 marc)

**2.** Mínigh cad is brí leis an téarma **Comhardú na Trádála.**

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(16 marc)

**3.** Críochnaigh an abairt seo thíos:

"De réir a mhéadaíonn an caitheamh ar earra, tosaíonn an

__________________ imeallach a fhaightear ó na haonaid bhreise ag __________________."

(16 marc)

**4.** Ainmnigh an t-eacnamaí a luafá le **DHÁ** cheann ar bith díobh seo a leanas:

- Prionsabail an Chánachais. ______________________________
- Daonra agus soláthar Bia. ______________________________
- An Éifeacht Iolraitheora. ______________________________

(16 marc)

**5.** Luaigh **DHÁ** shampla de '**onnmhairí dofheicthe**'.

(i) ____________________________________________________

(ii) ____________________________________________________

(16 marc)

**6.** I dtaca le struchtúir mhargaidh, mínigh an téarma "**Saoirse Iontrála agus Fágála**", agus ainmnigh struchtúr margaidh **AMHÁIN** a mbaineann an tréith seo leis.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Struchtúir Margaidh: [ ]

(17 marc)

**7.** Cad is brí le '**hioncam reatha**' i mBuiséad an Rialtais? Luaigh sampla **AMHÁIN**.

______________________________________________

______________________________________________

SAMPLA: [ ]

(17 marc)

**8.** Mínigh cad is brí leis an téarma '**Earraí Caipitiúla**' agus luaigh sampla **AMHÁIN**.


______________________________________________

______________________________________________

SAMPLA: [ ]

(17 marc)

**9.** Mínigh cuar an éilimh do thalamh, mar atá léirithe thíos:




______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(17 marc)